FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS



# TUARASCÁIL UM CHEARTA BUNÚSACHA – 2023



**Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna ar gcúl araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2022. In *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2023* de chuid FRA, féachtar siar ar na mórfhorbairtí sa réimse agus sainaithnítear na héachtaí a bhí ann agus réimsí ar ábhair imní iad go fóill araon. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí FRA faoi na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbhreathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh AE agus na Ballstáit.**

## TUAIRIMÍ Ó FRA




**1** [FÓCAS]
Impleachtaí an chogaidh san Úcráin do chearta bunúsacha in AE

**4**
Cur chun feidhme agus úsáid na Cairte ar an leibhéal náisiúnta

**7**
Comhionannas agus neamh-idirdhealú

**10**
An ciníochas, an tseineafóibe agus an éadulaingt lena mbaineann

**13**
Comhionannas agus cuimsiú na Romach

**17**
Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

**19**
An tsochaí faisnéise, an príobháideachas agus cosaint sonraí

**22**
Cearta an Linbh

**25**
Rochtain ar an gceartas: cearta íospartach agus neamhspleáchas breithiúnach

**27**
Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Críochnaíodh an lámhscríbhinn i mí Aibreáin 2023.

Níl Gníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann Ghníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9489-042-9 | | doi:10.2811/877382 | TK-AM-23-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9489-075-7 | ISSN 2467-3064 | doi:10.2811/057234 | TK-AM-23-001-GA-N |


© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2023

Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Creidiúintí grianghraif:
Clúdach: Insta_photos/iStock; Gorodenkoff/iStock; Louis Gouliamaki/AFP via Getty Images
Leathanach 1: © Louis Gouliamaki/AFP via Getty Images
Leathanach 2: © Katya Moskalyuk/Global Images Ukraine via Getty Images
Leathanach 3: © Hatim Kaghat/BELGA MAG/AFP via Getty Images
Leathanach 4: © European Communities
Leathanach 4: © Monkey Business/Adobe Stock
Leathanach 6: © Hunterframe/Adobe Stock
Leathanach 7: © Maskot/Getty RF
Leathanach 9: © Valentinrussanov/iStock
Leathanach 10: © CarlosBarquero/Adobe Stock
Leathanach 11: © Attila Kisbenedek/AFP via Getty Images
Leathanach 12: © Markus Scholz/picture alliance via Getty Images
Leathanach 13: © Serhii Hudak/Ukrinform/Future Publishing via Getty Images
Leathanach 15: © Attila Kisbenedek/AFP via Getty Images
Leathanach 16: © El Medina/AFP via Getty Images
Leathanach 17: © Eric Lalmand/BELGA MAG/AFP via Getty Images
Leathanach 18: © Jens Büttner/picture alliance via Getty Images
Leathanach 19: © Gorodenkoff/iStock
Leathanach 20: © DC Studio/Adobe Stock
Leathanach 21: © Peter Cade/Getty RF
Leathanach 22: © Dominika Zarzycka/SOPA Images/LightRocket via Getty Images
Leathanach 23: © Javier Fergo/picture alliance via Getty Images
Leathanach 24: © Stock Rocket/Adobe Stock
Leathanach 25: © Jan Woitas/picture alliance via Getty Images
Leathanach 26: © Uli Deck/picture alliance via Getty Images
Leathanach 27: © Halfpoint/iStock
Leathanach 28: © insta_photos/iStock

1 [FÓCAS]

# IMPLEACHTAÍ AN CHOGAIDH SAN ÚCRÁIN DO CHEARTA BUNÚSACHA IN AE

*Mar thoradh ar chogadh foghach gan chúis na Rúise ar an Úcráin tharla easáitiú ollmhór daonra inmheánach agus seachtrach. Tá beagnach ocht milliún duine atá ag teitheadh ón Úcráin tagtha chun na hEorpa. Díobh sin, tá cosaint shealadach faighte ag beagnach ceithre mhilliún duine in AE. Spreag an t-easáitiú sin rabharta ollmhór tacaíochta agus dlúthpháirtíochta ó rialtais, ó údaráis áitiúla agus ón tsochaí ina hiomláine.*



*Chuir an tAontas an Treoir um Chosaint Shealadach i ngníomh den chéad uair ó glacadh í in 2001. I gcás insreabhadh ollmhór agus neamh-infhaighteacht fillte, tá na daoine a easáitíodh mar gheall ar an gcogadh i dteideal cónaí dlíthiúil agus rochtain ar obair, ar thithíocht, ar chúnamh sóisialta, ar oideachas agus ar chúram sláinte. Ós rud é gur mná iad formhór mór na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin – go leor acu a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le cúram a thabhairt do leanaí agus/nó do dhaoine scothaosta – ní mór an rochtain ar sheirbhísí sonracha a bheith inscne-íogair agus spriocdhírithe. Ní mór tacaíocht a chur san áireamh sna seirbhísí freisin dóibh siúd a d'fhulaing foréigean gnéasach agus teacht i dtír gnéasach.*

*Sheol Gníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha (FRA) sraith gníomhaíochtaí chun dúshláin a shainaithint agus réitigh a mholadh do gach gné a chumhdaítear leis an Treoir um Chosaint Shealadach agus le dlíthe AE maidir le gáinneáil ar dhaoine, coireacht fuatha agus cearta íospartach coireachta, a mbíonn feidhm acu uile maidir le tairbhithe cosanta sealadaí.*

Ní mór do thairbhithe na cosanta sealadaí – ar mná agus leanaí iad a bhformhór – rochtain a bheith acu ar chóiríocht oiriúnach nó, más gá, na modhanna chun tithíocht a fháil a chur ar fáil dóibh, mar a shonraítear in Airteagal 13 den Treoir um Chosaint Shealadach. Ina theannta sin, le Cairt um Chearta Bunúsacha AE (an Chairt), cosnaítear an ceart chun cúnaimh thithíochta, chun a áirithiú go mbeidh saol cuibhiúil ag gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu (Airteagal 34).

I roinnt Ballstát, áfach, tá bacainní fós ann maidir le cóiríocht oiriúnach agus shábháilte a chur ar fáil. Is deacrachtaí ar leith iad sin go háirithe maidir le socruithe fadtéarmacha a dhéanamh, rochtain ar chúnamh tithíochta a chinntiú agus soláthraithe cóiríochta príobháideacha a sheiceáil go córasach. Deimhníonn torthaí shuirbhé 2022 *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] de chuid FRA an méid seo a leanas: bhí seisear as deichniúr freagróirí, tráth an tsuirbhé, ag fanacht in árasán príobháideach nó i dteach príobháideach. Luadh gur fadhbanna iad an easpa príobháideachais (ar chuir 36 % de na freagróirí in iúl í) agus easpa seomra ciúin nó seomra leithligh do leanaí chun staidéar a dhéanamh ann (ar chuir 23 % de na freagróirí in iúl é). Ina theannta sin, bhí ar níos mó ná leath de na freagróirí íoc as a gcóiríocht ina n-iomláine nó i bpáirt.

## TUAIRIM 1.1 ó FRA

I bhfianaise na riachtanas ar leith atá ag daoine easáitithe atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, ba cheart do Bhallstáit de AE, i gcás inar féidir, tosaíocht a thabhairt do chóiríocht oiriúnach a aimsiú atá oiriúnach do chríocha fadtéarmacha. Ba cheart do Bhallstáit de AE a fhíorú go bhfuil tithíocht phríobháideach inacmhainne, sábháilte agus oiriúnach, go háirithe do mhná agus do leanaí. Ba cheart go bhfaigheadh na daoine sin a thairgeann tithíocht de chineál éigin cúiteamh airgeadais nó cúiteamh eile.

Ba cheart go mbeadh réitigh tithíochta rathúla do dhaoine easáitithe ón Úcráin mar bhonn eolais freisin do straitéisí fadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais tithíochta ar bhonn níos ginearálta d'iarratasóirí ar thearmann i roinnt mhaith Ballstát. Is féidir le treoir agus tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha AE, amhail FRA agus Gníomhaireacht AE um Thearmann (EUAA), cabhrú le bearta den sórt sin a chur chun feidhme ar bhealach lena n-urramaítear cearta bunúsacha.

## TUAIRIM 1.2 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit cúnamh a thabhairt do thairbhithe na cosanta sealadaí chun fostaíocht a fháil, le fostóirí cláraithe, agus a oireann dá gcáilíochtaí agus dá scileanna. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an gclár píolótach maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn a thuilleadh, arna bhunú ag Líonra Eorpach um Chomhar na Seirbhísí Fostaíochta (EURES) faoin Údarás Eorpach Saothair (ELA). Leis an gclár píolótach sin, éascaítear scileanna tairbhithe na cosanta sealadaí a mheaitseáil le fostóirí cláraithe. Chun daoine easáitithe a chosaint ar bhaol an dúshaothraithe ag an obair, ba cheart don Údarás Eorpach Saothair agus do chigireachtaí saothair na mBallstát dlús a chur lena gcomhar agus é a threisiú, lena n-áirítear trí chigireachtaí comhpháirteacha in earnálacha ardriosca. Ba cheart cigireachtaí saothair a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus mar dheiseanna múscailte feasachta, in éineacht le gníomhaíochtaí faireacháin agus forfheidhmithe a bhaineann le dálaí fostaíochta.

De réir Airteagal 12 den Treoir um Chosaint Shealadach, an reachtaíocht náisiúnta ghinearálta sna Ballstáit is infheidhme maidir le luach saothair, rochtain ar chórais slándála sóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí fostaithe nó féinfhostaithe agus coinníollacha eile fostaíochta, ní mór feidhm a bheith aici freisin maidir le tairbhithe na cosanta sealadaí. Ráthaítear le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 31 den Chairt na cearta bunúsacha chun dínit an duine agus chun dálaí oibre cothroma agus córa.

Ar an iomlán, áfach, ní raibh dhá thrian de na freagróirí ar shuirbhé 2022 de chuid FRA *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] in aois sé bliana déag nó níos sine i mbun obair ar íocaíocht tráth an tsuirbhé. I measc na ndaoine a bhí ag obair ar íocaíocht, bhí dúshaothrú de chineál éigin ag an obair ar thriúr as gach deichniúr freagróirí. Fuarthas amach sa taighde a rinne FRA roimhe seo nach ngearrtar pionós leordhóthanach i gcónaí ar na sáruithe sin, agus nach gcosnaítear leis an Treoir maidir le Smachtbhannaí i gcoinne Fostóirí ach imircigh atá i staid neamhrialta i gcoinne dúshaothrú tromchúiseach i gcaidrimh fostaíochta.

## TUAIRIM 1.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go ndéanfar leanaí easáitithe ón Úcráin a chomhtháthú i ngnáthscoileanna agus i saoráidí cúraim leanaí a luaithe is féidir agus aird chuí á tabhairt ar a dteanga agus ar a gcultúr. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar leanaí faoi mhíchumas, go háirithe iad siúd a bhí ina gcónaí i saoráidí institiúideacha, chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go cuí ar a riachtanais shonracha maidir le hinrochtaineacht agus tacaíocht bhreise. D'éascódh an lánpháirtiú sin a sóisialú agus dhéanfaí gnáthshaol dá saol laethúil dá bharr. Ba cheart maoiniú náisiúnta agus maoiniú AE a úsáid chun ranganna teanga a chur ar fáil, chun líon na mball foirne a mhéadú agus chun cur le hacmhainneacht ó thaobh cúraim leanaí agus scolaíochta de.

Faoi Airteagal 14 den Treoir um Chosaint Shealadach, tá sé d'oibleagáid ar Bhallstáit de AE rochtain ar oideachas a thabhairt do leanaí a bhaineann leas as an gcosaint shealadach faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin. Mar sin féin, tá rollú scoile na leanaí a easáitíodh ón Úcráin fós íseal mar gheall ar easpa spáis scoile, líon neamhleor foirne nó bacainní teanga.

Freastalaíonn beagnach dhá thrian de leanaí a easáitíodh ón Úcráin ar oideachas ar líne arna chur ar fáil ag údaráis na hÚcráine, mar a léiríodh i dtorthaí shuirbhé 2022 *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] de chuid FRA. Luaigh níos mó ná an ceathrú cuid de dhaoine idir 12 agus 15 bliana d'aois gurb í an phríomhchúis nár fhreastail siad ar scoil nach bhfuil áit chónaithe bhuan acu, agus léirigh aon chúigiú díobh mar phríomhchúis leis sin nár ghlac scoil leo.

Tá easpa saoráidí cúraim leanaí ina bhac tábhachtach freisin ar rochtain a fháil ar fhostaíocht, go háirithe do mhná, arb iad tromlach na ndaoine fásta a easáitíodh as an Úcráin, rud a deimhníodh i suirbhé 2022 *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] de chuid FRA.



Is mná iad formhór mór na gceithre mhilliún duine a theith ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus a chláraigh le haghaidh cosaint shealadach nó scéimeanna cosanta náisiúnta den chineál céanna in AE faoi dheireadh na bliana – go leor acu a mbíonn freagrachtaí orthu aire a thabhairt do leanaí agus/nó do dhaoine scothaosta. Ceann de na príomhbhacainní ar fhostaíocht a rochtain – mar aon le heolas neamhleor ar theanga na tíre óstaí – is ea freagrachtaí cúraim, de réir thorthaí shuirbhé 2022 *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] de chuid FRA. Mar sin féin, tá gné na hinscne sin agus riachtanais speisialta na mban easáitithe curtha san áireamh go míchothrom i mbearta Bhallstáit de AE.

Sainaithníodh rioscaí maidir le teacht i dtír gnéasach ar fud AE freisin, agus rinneadh roinnt cásanna a thuairisciú agus a imscrúdú. Ceanglaítear le hAirteagal 20 (comhionannas faoin dlí) agus Airteagal 21 (neamh-idirdhealú) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iarrachtaí breise agus gníomhaíocht dhearfach spriocdhírithe ó na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh rochtain fhorleathan chothrom ar na cearta agus na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil leis an Treoir um Chosaint Shealadach do gach duine easáitithe atá ag teitheadh ón gcogadh.

## TUAIRIM 1.4 ó FRA

Ós rud é gur mná iad formhór na ndaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin – go leor acu a mbíonn freagrachtaí orthu as aire a thabhairt do leanaí agus/nó do dhaoine scothaosta – ní mór rochtain ar sheirbhísí sonracha a bheith inscne-íogair agus spriocdhírithe. Ní mór tacaíocht a chur san áireamh sna seirbhísí freisin dóibh siúd a d'fhulaing foréigean gnéasach agus teacht i dtír gnéasach. Cé gur dréachtaíodh an Treoir um Chosaint Shealadach ar bhealach atá neodrach ó thaobh inscne de, níor cheart do Bhallstáit de AE a bhforálacha maidir le rochtain ar chóiríocht, ar fhostaíocht, ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a bheith 'dall ar inscne'. Ina gcuid iarrachtaí i ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a lorg ó ghníomhaireachtaí ábhartha AE amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus FRA.



De bhun Airteagal 17 den Treoir um Chosaint Shealadach, ní chuireann gníomhachtú na scéime cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe atá ag teitheadh ón gcogadh i gcoinne na hÚcráine cosc ar na daoine sin a gceart chun iarratas a dhéanamh ar thearmann a fheidhmiú. Rinne thart ar aon trian de na freagróirí ar shuirbhé FRA 2022 *Fleeing Ukraine* [Ag Teitheadh ón Úcráin] iarratas ar thearmann a thaisceadh. Mar sin féin, ní hionann líon na ndaoine atá ag cur isteach ar thearmann i mBallstáit de AE.

D'fhéadfadh daoine a fhágann coinbhleacht agus foréigean a bheith ag teitheadh ó chásanna den sórt sin i gcúinsí agus le saintréithe áirithe acu a chiallaíonn go gcáilíonn siad mar dhídeanaithe nó mar thairbhithe eile na cosanta idirnáisiúnta faoi *acquis* tearmainn AE. Deimhnítear le hAithris 12 agus le hAirteagal 3(5) den Treoir araon nach ndéanann deonú cosanta sealadaí difear do shaincheart na mBallstát stádais chosanta níos fabhraí a sholáthar.

Mar gheall ar an gcogadh fada agus a dhodhéanta a bheidh sé filleadh ann go sábháilte fiú nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh, ní mór do na Ballstáit réitigh mharthanacha a chur chun feidhme lena gcosnófar na daoine easáitithe a luaithe a rachaidh an chosaint shealadach fhadaithe in éag. Mura gcuirfear réitigh den sórt sin chun feidhme, beidh an baol ann go bhfágfar na daoine easáitithe i riocht éiginnteach agus gan ionchais fhéinchothaitheacha lánpháirtíochta ina mBallstáit óstacha.

## TUAIRIM 1.5 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí bealaí dleathacha fóinteacha ar bun chun aistriú rianúil a chur ar fáil ó stádas cosanta sealadach go stádais chosanta eile faoin dlí AE nó faoin dlí náisiúnta, ar bhealach inbhuanaithe, a luaithe a thiocfaidh deireadh le scéim cosanta sealadaí AE. Ba cheart go dtacódh scéimeanna tacaíochta airgeadais AE leis an úsáid a bhaintear as na stádais mharthanacha chosanta sin, lena n-áirítear cinneadh maidir le stádas grúpabhunaithe agus bealaí as a n-eascraíonn cónaí fadtéarmach, chun na costais fhadtéarmacha a bhaineann le daoine easáitithe ón Úcráin a lánpháirtiú i sochaithe óstacha a mhaolú.

# 2

# CUR CHUN FEIDHME AGUS ÚSÁID NA CAIRTE AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

*Is iad straitéis Chairt AE 2020–2030 agus na conclúidí gaolmhara ón gComhairle 2021 na príomhdhoiciméid lena dtreoraítear gníomhaíocht ábhartha go fóill ar an leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ar an leibhéal náisiúnta, lean imeachtaí cúirte de bheith ag tagairt don Chairt agus, uaireanta, b'amhlaidh an cás maidir le nósanna imeachta reachtacha. Seachas sin, áfach, tá úsáid na Cairte teoranta i gcónaí.*

*Tá sé deacair fós samplaí de bheartais atá dírithe ar chuspóirí na Cairte a aimsiú i riaracháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Is eisceacht í cistí AE a úsáid. Fágann Rialachán na bhForálacha Coiteanna go bhfuil an oibleagáid an Chairt a urramú an-soiléir. Baineann gné thábhachtach eile den Chairt ar an leibhéal náisiúnta le pointí fócasacha nuacheaptha na Cairte sna riaracháin náisiúnta.*

*Chuir institiúidí náisiúnta um chearta an duine i mBallstáit roghnaithe ionchur saineolach ar fáil maidir leis an gCairt in imeachtaí reachtacha, riaracháin nó breithiúnacha. Mar sin féin, tá easpa acmhainneachta nó feasachta fós ag institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus ag an tsochaí shibhialta i dtaobh an Chairt a úsáid ar bhealach níos gníomhaí ina gcuid oibre. Is cosúil go n-aithnítear de réir a chéile an gá atá le hoiliúint bhreithiúnach leanúnach ar an gCairt, agus is é an Coimisiún Eorpach a mhaoiníonn í sin.*






Tá feidhm ag an gCairt ar an leibhéal cónaidhme, réigiúnach agus bardasach. I straitéis Chairt AE 2020–2030, leagtar béim ar chur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn ar gach leibhéal. I bhfianaise an mhéid sin, áfach, is cosúil nach bhfuil baint struchtúrtha ag na Ballstáit le cur chun feidhme na straitéise Cairte, amhail sainmhínithe ar spriocanna soiléire, garspriocanna agus amlínte.

Tá teorainn le samplaí maithe den úsáid rialta a bhaintear as an gCairt ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Baineann siad le faireachán ar úsáid chistí AE den chuid is mó. Dealraíonn sé go bhfuil easpa gníomhaíochta príomhshrutha ar gach leibhéal den fheidhmeannas, mar a iarradh sna Conclúidí ón gComhairle 2021 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte a neartú.

D'fhéadfaí pointí fócasacha na Cairte a úsáid chun fothú acmhainní, malartú faisnéise agus múscailt feasachta maidir leis an gCairt a chur chun cinn agus a chomhordú, mar a léirítear sna conclúidí céanna. Ag deireadh 2022, bhí pointí fócasacha Cairte ainmnithe cheana féin ag 24 Bhallstát. Ba iad Éire, Málta agus an tSlóivéin amháin a bhí fós i mbun an phróisis. Mar sin féin, tá a n-acmhainneacht maidir le comhroinnt eolais agus a ról comhordaithe fós le forbairt a thuilleadh.

Tá an staid níos dearfaí i réimse na hoiliúna, áit a gcuirtear oiliúint atá sonrach don Chairt ar fáil níos mó agus níos mó do ghairmithe ceartais, mar a léiríonn an fhianaise. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil oiliúint den chineál céanna ar fáil do státseirbhísigh i mbeagán Ballstát.

Tá an staid níos measa ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Tá an Chairt infheidhme chomh maith céanna ach is cosúil go bhfuil oiliúint a bhaineann go sonrach leis an gCairt in easnamh. Is cosúil nach bhfuil ach líon beag bardas ag díriú go sonrach ar chearta bunúsacha, mar a luaigh FRA mar shampla ina thuarascáil *Human rights cities in the EU*: *A framework for reinforcing rights locally*.[Cathracha chearta an duine in AE: Creat chun cearta a threisiú go háitiúil].

## TUAIRIM 2.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit cur chun cinn agus eolas na Cairte a fheabhsú i measc gach leibhéal den riarachán náisiúnta, laistigh de na breithiúna agus i bhforfheidhmiú an dlí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin eolas a roinnt trí phointe fócasach na Cairte, agus gníomhaíochtaí oiliúna do dhlíodóirí a chuireann dlí AE i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil pointí fócasacha na Cairte ceaptha fós acu é sin a dhéanamh agus ba cheart dóibh úsáid na n-acmhainní, na n-uirlisí oiliúna agus an ábhair atá ar fáil a spreagadh go réamhghníomhach maidir leis an gCairt um fhothú acmhainneachta agus um chomhroinnt eolais.

Iarrtar ar bhardais a bheith ina 'gcathracha chearta an duine' agus an Chairt a phríomhshruthú ina gcuid gníomhaíochtaí go léir. Iarrtar orthu úsáid a bhaint as creat FRA chun cearta a threisiú go háitiúil, lena n-áirítear uirlisí chun caighdeáin chearta an duine – lena n-áirítear an Chairt – a chomhtháthú ina gcuid oibre.

Ba cheart d'institiúidí AE iarracht bhreise a dhéanamh an Chairt a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, trí chistiú spriocdhírithe do na Ballstáit, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus d'iolraitheoirí eolais, agus trí dhea-chleachtais maidir le fothú acmhainní a bhailiú agus a chomhroinnt.

Áirítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna coinníollacha cumasúcháin cothrománacha (Airteagal 9(1)) agus coinníollacha cumasaithe téamacha araon (Airteagal 15(1)), amhail míchumas agus cuimsiú na Romach. De réir an rialacháin sin (Airteagal 8), ní mór do na Ballstáit comhpháirtíocht chuimsitheach a eagrú agus a chur chun feidhme chun cistí ábhartha AE a chur chun feidhme, ag tógáil ar chur chuige an rialachais il-leibhéil agus ag áirithiú rannpháirtíocht "eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhlachtaí atá freagrach as cuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn". Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar cistí AE a cheapadh, a chur chun feidhme, agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu i ndlúthchomhar leis an tsochaí shibhialta agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

Níl ach roinnt bheag Ballstát tar éis tús a chur le bearta a ghlacadh chun Rialachán na bhForálacha Coiteanna a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an gCairt in 2022. I measc na mbeart sin tá treoirlínte a ghlacadh lena mínítear oibleagáidí na Cairte agus cistí AE á gcur chun feidhme agus gníomhaíochtaí níos nithiúla, amhail coistí faireacháin agus sásraí gearáin a bhunú. Tá difríocht idir ról NHRInna agus ról na sochaí sibhialta ar choistí den sórt sin ar fud na mBallstát, idir ról gníomhach i seiceálacha *ex ante* ar an gCairt ar gach tionscadal agus gearáin a phróiseáil, trí fheidhm chomhairleach, agus gan ról ar bith a bheith acu.

Ar an drochuair, níl ach Ballstát amháin tar éis Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a mheas go sainráite sa phróiseas faireacháin ar chomhlíonadh, cé go bhfuil an coinbhinsiún ina cheangal ar Bhallstáit uile AE, agus ar AE féin. Dealraíonn sé freisin nach n-urramaíonn sé sin prionsabal an lánpháirtithe daoine faoi mhíchumas, in Airteagal 26 den Chairt.

## TUAIRIM 2.2 ó FRA

Chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán an Chairt i gcur chun feidhme chistí AE, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a bhunú a bheadh cuimsitheach go leor. Ba cheart comhlachtaí poiblí a bhfuil sainchúram maidir le cearta bunúsacha acu, amhail institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna), agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áireamh sna coistí sin agus ról comhairleach foirmiúil a bheith acu ar a laghad. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát tuairisc a thabhairt maidir lena dtuairimí a bhreithniú go cuí.

Chun a chur ar chumas NHRInna agus na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas faireacháin, ba cheart do na Ballstáit cistiú leordhóthanach agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil dóibh.

I gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbreithneoidh a gcoistí faireacháin, in éineacht le comhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha, comhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, mar a bheartaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna.



## TUAIRIM 2.3 ó FRA

Mar chuid dá ngníomhaíocht chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an smacht reachta a neartú, ba cheart d'institiúidí AE agus do na Ballstáit na gníomhaithe ábhartha uile sna córais náisiúnta um chearta an duine a neartú. Áirítear leis sin faireachán rialta a dhéanamh ar an spás sibhialta, ina mbíonn dlúthbhaint ag gníomhaithe na sochaí sibhialta agus cosantóirí eile chearta an duine, agus leas á bhaint as sonraí arna mbailiú ag FRA.

Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun imscrúduithe agus smachtbhannaí cuí a áirithiú orthu siúd a dhéanann cosantóirí chearta an duine a ionsaí, a chiapadh nó a bhagairt.

Ba cheart do na Ballstáit agus do AE leanúint d'acmhainneacht oibríochtúil a mhaoiniú don tsochaí shibhialta lena n-áirítear oiliúint shonrach maidir leis an gCairt. Iarrtar ar na Ballstáit freisin úsáid a bhaint as an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun oiliúint a bhaineann leis an gCairt a mhaoiniú agus úsáid a bhaint as uirlisí atá ar fáil agus atá forbartha ag FRA agus ag institiúidí eile.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanann leibhéil éagsúla rialtais cumarsáid le cosantóirí ceart agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus go gcomhoibríonn siad leo.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-oibríonn NHRInna agus gníomhaithe na sochaí sibhialta i dtimpeallacht chumasúcháin ina n-áirithítear a bhfeidhmiú le hacmhainní oibríochtúla leordhóthanacha. I gcás nach ann do NHRInna lán-neamhspleácha fós, ba cheart do na Ballstáit iad a bhunú.

D'aithin Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ról ríthábhachtach na sochaí sibhialta maidir leis na cearta a chumhdaítear sa Chairt a chur chun cinn agus a chosaint. Chun a áirithiú gur féidir leis an tsochaí shibhialta an cúram sin a chur i gcrích go héifeachtach, ní mór timpeallacht chumasúcháin a chur i bhfeidhm.

Tá dúshláin roimh eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar fud AE maidir le rochtain ar chistiú, cosaint ar chiapadh, ar bhagairtí agus ar ionsaithe, rochtain ar cheartas, rannpháirtíocht sa chinnteoireacht pholaitiúil agus cumarsáid le húdaráis phoiblí, faoi mar a léiríonn fianaise FRA. Tá roinnt samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu ar fáil sna Ballstáit agus baineann siad den chuid is mó le deiseanna cistiúcháin agus le rannpháirtíocht fheabhsaithe.

Chomh maith le spás sibhialta a bhfuil borradh faoi, tagraíonn an straitéis Chairte freisin do ról lárnach NHRInna. Cuirtear i bhfios go láidir léi go ndéanann NHRInna "faireachán ar chur i bhfeidhm, ar chur chun feidhme agus ar chur chun cinn na Cairte ar an láthair, faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh sáruithe ar chearta bunúsacha agus comhoibriú leis na hinstitiúidí náisiúnta chun feabhas a chur ar a n-úsáid agus ar a bhfeasacht ar an gCairt." Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, bhí 19 mBallstát ag a raibh NHRInna le creidiúnú stádais A, bhí stádas B ag ceithre cinn acu, bhí stádas C ag ceann amháin ag an Rómáin, agus ní raibh NHRI creidiúnaithe ar bith ag an tSeicia, ag an Iodáil agus ag Málta.

# 3

# COMHIONANNAS AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ

***Tá moill ar ghlacadh na Treorach um Chóir Chomhionann ó 2008 i leith. Leis an gcreat dlíthiúil maidir leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint, ní thugtar cosaint leordhóthanach fós do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha ná idirghnéasacha (LADTIA+). In 2022, mhol an Coimisiún Eorpach reachtaíocht dírithe ar shainordú agus ar neamhspleáchas comhlachtaí comhionannais a neartú.***

***Rinneadh iarrachtaí chun cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aiteacha (LADTIA+) a chur chun cinn ar an leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le stádas teaghlaigh agus tuismíocht. Tharla roinnt forbairtí ar fud AE chun forais bhreise idirdhealaithe a chumhdach, amhail stádas socheacnamaíoch, stádas sláinte agus cuma fhisiceach.***



Tá idirdhealú ar raon foras fós ann ar fud AE. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Mar sin féin, faoi reachtaíocht thánaisteach AE, tá cosaint níos leithne ag roinnt de na saintréithe a leagtar amach in Airteagal 19 de CFAE – eadhon inscne agus bunadh ciníoch nó eitneach – ná mar atá ag saintréithe eile – eadhon reiligiún nó creideamh, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh. Fágann sé sin ordlathas saorga foras, rud a chuireann teorainn le fairsinge agus le raon feidhme na cosanta ar idirdhealú ar an leibhéal AE. Leis an Treoir um Chóir Chomhionann atá beartaithe, dhúnfaí an bhearna sin, ach níor baineadh amach fós an aontoilíocht sa Chomhairle ar ghá di togra 2008 ón gCoimisiún a ghlacadh.

I mbliana, rinneadh iarrachtaí athnuaite chun deireadh a chur leis an tsáinn maidir leis an ionstraim ríthábhachtach seo, go háirithe iarrann sé go nglacfadh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa í go pras agus go nglacfaí í i rúin ó Pharlaimint na hEorpa.

## TUAIRIM 3.1 ó FRA

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint d'fhéachaint ar na bealaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun cosaint chuimsitheach agus chomhsheasmhach a chur ar fáil i gcoinne an idirdhealaithe ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó ghnéaschlaonta i ngach príomhréimse den saol.

## TUAIRIM 3.2 ó FRA

Ba cheart do AE agus dá Bhallstáit a áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú go héifeachtach le forfheidhmiú na dtreoracha comhionannais uile. Is éard atá i gceist leis sin a áirithiú go dtabharfar sainorduithe sách leathan do chomhlachtaí comhionannais agus go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla orthu chun a gcúraimí reachtúla go léir a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Ba cheart do AE a áirithiú go nglacfar an dá thogra reachtacha ón gCoimisiún go pras chun caighdeáin cheangailteacha a bhunú do chomhlachtaí comhionannais in AE d'fhonn cóir chomhionann a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac ar gach foras sna réimsí a leagtar amach sna Treoracha maidir le Comhionannas.

Cuireann comhlachtaí comhionannais an chóir chomhionann chun cinn trí chur i bhfeidhm dlí i gcoinne an idirdhealaithe AE a fhorfheidhmiú. Léiríonn fianaise FRA go seasta gur annamh a chuirtear teagmhais idirdhealaithe faoi bhráid na n-údarás inniúil a bunaíodh chun cabhrú le rochtain ar cheartas a áirithiú d'íospartaigh uile an idirdhealaithe ar bhonn comhionann.

I measc phríomhchúraimí na gcomhlachtaí comhionannais tá cúnamh a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe chun a gcuid gearán a shaothrú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an idirdhealú, agus feasacht a mhúscailt maidir le cearta daoine. In ainneoin a gcuid oibre riachtanaí, tá dúshláin éagsúla fós os comhair comhlachtaí comhionannais a bhaineann lena neamhspleáchas, lena sainorduithe agus lena gcumhachtaí, chomh maith le heaspa acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla, agus cumas teoranta chun rannchuidiú le forbairt beartas. Chun an reachtaíocht comhionannais inscne atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach, tá gá le struchtúir agus sásraí láidre agus neamhspleácha chun urramú an dlí a fheabhsú, agus chun cur leis an muinín atá ag an bpobal as comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu luach an chomhionannais a áirithiú agus a chur chun cinn.

I ndáil leis an méid sin, tá ról ríthábhachtach ag comhlachtaí éifeachtacha comhionannais. Leagtar béim air sin sna tograí reachtacha ón gCoimisiún chun comhlachtaí comhionannais a neartú, arb é is aidhm dóibh a neamhspleáchas, a n-acmhainní agus a gcumhachtaí a áirithiú, ionas gur féidir leo íospartaigh a chosaint agus an t-idirdhealú a chosc ar bhealach níos éifeachtaí.

## TUAIRIM 3.3 ó FRA

Moltar do Bhallstáit de AE leanúint de bhearta sonracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le comhionannas LADTIA+) chun a áirithiú gur féidir le daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aiteacha leas iomlán a bhaint as a gcearta bunúsacha. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar na *Treoirlínte maidir le Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta chun Comhionannas LADTIA+ a fheabhsú*, arna n-ullmhú ag an bhFoghrúpa um Chomhionannas LADTIA+ agus arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht.

Moltar do Bhallstáit de AE sonraí comhionannais SOGIESC a bhailiú agus a úsáid go rialta chun freagairtí beartais agus dlíthiúla atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt.

Ba cheart do na Ballstáit gach beart iomchuí a dhéanamh chun an fhuathchaint a chomhrac go héifeachtach agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar díobhálach na ráiteas homafóbach agus trasfóbach a dhéantar i ndíospóireachtaí poiblí, i bhfeachtais pholaitiúla, sna meáin, agus ar an idirlíon.

In 2022, rinne roinnt Ballstát bearta chun cearta bunúsacha daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha+ (LADTIA+) a chur chun cinn trí athruithe dlíthiúla agus bearta beartais a thabhairt isteach i réimsí amhail stádas teaghlach comhghnéis, uchtú agus tuismíocht; nósanna imeachta simplithe maidir le haitheantas inscne ar bhonn féinchinntiúcháin; agus fuathchaint agus coireanna fuatha a chosc agus a phionósú. I roinnt Ballstát, áit nach raibh an creat reachtach leordhóthanach, réitigh cúirteanna an bealach d'fhorbairtí reachtaíochta nó chinntigh siad a bhforfheidhmiú ceart.

Thug roinnt Ballstát bearta dlíthiúla agus beartais isteach lena gcuirtear i mbaol an ceart bunúsach chun cóir chomhionann do dhaoine LADTIA+. Tá tionchar follasach aige sin ar an méadú ar an naimhdeas agus ar an bhforéigean i gcoinne an phobail LADTIA+, agus ar an bhfaitíos a bhíonn orthu, ar a dteaghlaigh agus ar shaoránaigh eile a chuirtear faoi chois as tacú leis an gcomhionannas. Is feiniméan atá ina chúis imní ar leith í an fhuathchaint, mar go ngríosaíonn sí tuilleadh idirdhealaithe. Ag an am céanna, is annamh fós i bhformhór na mBallstát sonraí comhionannais gnéaschlaonta, féiniúlachta inscne, léirithe inscne agus saintréithe gnéis (SOGIESC) a bhailiú go rialta.

Déanann 'leithcheal trasnach' cur síos ar chás ina n-oibríonn roinnt foras agus ina n-idirghníomhaíonn siad le chéile ag an am céanna ar bhealach ina bhfuil siad doscartha agus go ndéanann siad cineálacha sonracha idirdhealaithe. Aithníonn cleachtóirí sa réimse nach mbeifí in ann na bealaí difriúla ina ndéantar idirdhealú in aghaidh daoine ina saol laethúil a chumhdach dá mba rud é go dtabharfaí aghaidh ar leithcheal trasnach bunaithe ar fhoras aonair amháin. Mar sin féin, ní thugann dlí AE cosaint iomlán do dhaoine go fóill ar leithcheal trasnach.

Tá sé curtha in iúl ag Equinet gur gá liosta na bhforas idirdhealaithe a leathnú chun tionscnamh sóisialta agus/nó stádas socheacnamaíoch, stádas teaghlaigh, oidhreacht ghéiniteach, stádas sláinte, cuma fhisiceach, etc. a áireamh.

## TUAIRIM 3.4 ó FRA

Ba cheart do AE agus do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar leithcheal trasnach a áireamh sa reachtaíocht is infheidhme.



# 4

# AN CINÍOCHAS, AN TSEINEAFÓIBE AGUS AN ÉADULAINGT LENA MBAINEANN

*Bhí an t-idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, an choireacht leatroim agus an chaint chiníoch fós forleathan in 2022. Léiríonn an fhianaise léiriú ar chiníochas sistéamach, lena n-áirítear laistigh d'fhorfheidhmiú an dlí. Mar thoradh ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin, tháinig cásanna fuathchainte agus ionsaithe foréigneacha chun cinn i roinnt Ballstát de AE.*

*Lean an Coimisiún Eorpach de nósanna imeachta um shárú in aghaidh 12 Bhallstát toisc nach ndearnadh an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a ionchorprú go hiomlán ná go cruinn sa dlí náisiúnta. Ag an am céanna, leasaigh roinnt Ballstát a reachtaíocht chun coir a dhéanamh den fhuathchoireacht agus den fhuathchaint. D'áitigh Parlaimint na hEorpa freisin ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha a chur chun feidhme go hiomlán agus go ndéanfar faireachán éifeachtach uirthi.*

*D'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne an fhrithchiníochais a ghlacadh faoi dheireadh 2022, de réir mar a bheartaítear i bPlean Gníomhaíochta AE in aghaidh an Chiníochais agus i Straitéis AE maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus Saol na nGiúdach a Chothú. Ní dhearna ach thart ar a leath díobh sin é. Rinne roinnt Ballstát iarrachtaí spriocdhírithe chun tuairisciú teagmhas ciníoch a éascú; neartaigh siad rochtain íospartach ar thacaíocht, ar chosaint agus ar cheartas.*



Sonraítear sa Chinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe (2008/913/JHA) cur chuige coiteann dlí choiriúil maidir le cineálacha ciníochais agus seineafóibe arb ionann iad agus fuathchaint agus fuathchoireacht. Lean an Coimisiún Eorpach le nósanna imeachta sáraithe in aghaidh dhá Bhallstát déag nach ndearna an Cinneadh Réime a ionchorprú go hiomlán ná go cuí sa dlí náisiúnta. Ag an am céanna, leasaigh roinnt Ballstát a gcóid choiriúla chun coir a dhéanamh den fhuathchoireacht agus den fhuathchaint agus rinne siad bearta chun tuairisciú ar theagmhais chiníocha a éascú.

Bhí an ciníochas fós ina dhúshlán tromchúiseach ar fud AE in 2022. Bhí teagmais fuathchoireachta agus fuathchainte ciníocha fós ann, mar a léirítear i sonraí oifigiúla agus neamhoifigiúla. Ina theannta sin, chuir comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta um chearta an duine in iúl go raibh an ráta méadaithe d'fhuathchaint ar líne ag déanamh imní dóibh, fuathchaint a raibh na meáin nó polaiteoirí freagrach as go minic, a bhí dírithe ar Ghiúdaigh, ar Mhoslamaigh, ar imircigh agus ar mhionlaigh eitneacha.

## TUAIRIM 4.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE forálacha an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a Chomhrac ón gComhairle a thrasuí agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus i gceart. Áirítear ansin bearta a bheith á ndéanamh ag Ballstáit lena áirithiú go nglactar leis gurb ionann cuspóir ciníoch nó seineafóibeach agus imthoisc ghéaraitheach, nó, mar mhalairt air sin, go mbreithníonn na cúirteanna an cuspóir sin nuair a bhíonn cinneadh maidir leis na pionóis á dhéanamh.

Toirmeasctar le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh aon idirdhealú ar fhorais bunaidh eitnigh nó chine. Ar an gcuma chéanna, toirmeasctar leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch (2000/43/CE) aon idirdhealú ar fhorais bunaidh eitnigh nó chiníoch i réimse na rochtana ar oideachas; fostaíocht; agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht agus cúram sláinte. Níl forálacha na Treorach á gcur chun feidhme go hiomlán ag roinnt Ballstát go fóill, mar a léirítear i dtuarascálacha ó chomhlachtaí faireacháin náisiúnta um chearta an duine.

Lean an Coimisiún le nósanna imeachta um shárú in aghaidh trí Bhallstát a rinne idirdhealú i réimse an oideachais in aghaidh leanaí den phobal Romach. In 2021, lean mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear imircigh, ag déileáil le hidirdhealú i réimsí éagsúla den saol, mar a léirítear i suirbhéanna agus i dtorthaí tástálacha maidir leis an idirdhealú.

I bhfianaise fianaise sheasmhach ar an gciníochas sistéamach, d'iarr comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta go ndéanfaí iarrachtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas a léirítear i míbhuntáistí polaitiúla agus sóisialta níos leithne dóibh siúd ar de bhunadh mionlaigh chiníocha agus eitneacha iad.

## TUAIRIM 4.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE feabhas suntasach a chur ar éifeachtacht a mbeart agus a socruithe institiúideacha chun forálacha na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch a chur i bhfeidhm go hiomlán, go háirithe maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sáruithe ar na hoibleagáidí a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch. Moltar do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an ciníochas a chomhrac i ngach léiriú, lena n-áirítear ciníochas sistéamach.



## TUAIRIM 4.3 ó FRA

Moltar do Bhallstáit de AE pleananna gníomhaíochta náisiúnta tiomnaithe a fhorbairt a luaithe is féidir chun an ciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an frith-sheimíteachas, an tseineafóibe agus éadulaingt lena mbaineann a chomhrac. Chun tacú le hiarrachtaí náisiúnta ar an láthair agus chun iad a léiriú, ba cheart bearta agus gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh de bheartais náisiúnta ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart do na Ballstáit, le linn dóibh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, a áirithiú go bhfuil gach gníomhaíocht faoi threoir cur chuige rann-pháirtíochta agus bunaithe ar shonraí comhionannais iontaofa.

Ag Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Chiníochais, thug na Ballstáit gealltanas neart a chur leis na hiarrachtaí chun an ciníochas a chomhrac. Bliain is fiche ina dhiaidh sin, ní leor staid an chur chun feidhme san Aontas.

Níor comhlíonadh an iarraidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne an chiníochais a ghlacadh faoi dheireadh 2022, mar atá beartaithe le Plean Gníomhaíochta AE maidir leis an bhFrithsheimíteachas agus le Straitéis AE maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus Saol na nGiúdach a Chothú. Faoi dheireadh 2022, bhí pleananna gníomhaíochta tiomnaithe maidir leis an bhfrithchiníochas nó bearta comhtháite i bhfeidhm ag thart ar leath de na Ballstáit, agus bhí straitéis neamhspleách frithsheimíteachais ag 15 Bhallstát nó bhí comhchuimsithe acu chun an frithsheimíteachas a chomhrac faoi straitéisí níos leithne. I roinnt tíortha, rinneadh iarrachtaí spriocdhírithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, rud a léiríonn tuiscint níos fearr gur cheart dul i ngleic leis an gciníochas ar gach leibhéal agus trí chur chuige comhordaithe agus rannpháirteach.

## TUAIRIM 4.4 ó FRA

Moltar do Bhallstáit AE an oiliúint a chuirtear ar oif-igigh um fhorfheidhmiú an dlí a mhéadú. Ba cheart dóibh freisin cur leis an measúnú ar na cosaintí atá ann cheana i gcoinne an chiníochais, lena n-áirítear trí chórais láidre athbhreithnithe feidhmíochta a thabhairt isteach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cásanna d'fhoréigean póilíneachta in aghaidh imirceach agus mionlach eitneach a imscrúdú go pras agus go neamhspleách agus go dtabharfar cúnamh d'íospartaigh chun mí-iompar póilíneachta a thuairisciú.

Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí treoir shonrach, phraiticiúil agus réidh le húsáid a eisiúint i gcoinne próifíliú eitneach idirdhealaitheach arna dhéanamh ag póilíní a bhfuil a ndualgais á bhfeidhmiú acu. Ba cheart an treoir den sórt sin a áireamh i ngnáthnósan-na imeachta oibriúcháin agus i gcóid iompair agus eolas maidir leis an treoir a roinnt ar bhonn córasach le hoifigigh thúslíne.

D'iarr comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta go ngníomhófaí chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas in iompar forfheidhmithe dlí agus i bpróifíliú idirdhealaitheach. Tagann na dearcthaí sin salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú agus ar phrionsabail chaighdeáin idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear iad siúd a ionchorpraítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus i ndlí-eolaíocht ghaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, chomh maith le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Leagtar béim freisin sna moltaí ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe ar an oibleagáid dhearfach atá ar na póilíní ciníochas agus idirdhealú ciníoch a chomhrac.

In 2022, d'fhéadfadh an t-idirdhealú ciníoch agus seineafóibeach a bheith i gceist le cásanna d'fhoréigean póilíneachta. Sa bhliain chéanna, bhí fianaise ann freisin go raibh próifíliú eitneach neamhdhleathach ar bun. Is féidir le teagmhais chiníocha agus leis an bpróifíliú eitneach neamhdhleathach damáiste a dhéanamh do mhuinín na n-údarás, agus is féidir tearcthuairisciú coireanna agus cur i gcoinne údaráis phoiblí a bheith mar thoradh orthu. Lean na Ballstáit d'infheistíocht a dhéanamh in oiliúint d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí maidir le cearta an duine agus an frithchiníochas.



# 5

# COMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ NA ROMACH



*Faoi 2022, d'fhorbair formhór Bhallstáit de AE pleananna gníomhaíochta agus chuir siad tús lena gcreataí straitéiseacha náisiúnta a chur chun feidhme chun spriocanna chreat straitéiseach AE le haghaidh na Romach 2030 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht a bhaint amach. Le linn na bliana, dhréachtaigh formhór na mBallstát na pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun an ráthaíocht do leanaí a chur chun feidhme go héifeachtach, ina ndíríonn roinnt Ballstát ar oideachas agus cuimsiú leanaí Romacha a neartú.*

*Thíolaic FRA torthaí an tsuirbhé maidir leis na Romaigh a rinneadh in 2021. Is beag dul chun cinn atá déanta ó rinneadh an suirbhé deireanach in 2016 maidir leis an bhfrithghiofógachas a chomhrac, agus maidir le rochtain chomhionann ar oideachas, ar fhostaíocht, ar thithíocht agus ar shláinte.*

*Níor urramaíodh cearta bunúsacha na Romach agus an Lucht Siúil go hiomlán fós in 2022. Tá tionchar fós ag an bhfrithghiofógachas, ag an idirdhealú, ag an mbochtaineacht agus ag an eisiamh sóisialta, mar aon leis an bhfuathchoireacht agus an fhuathchaint, ar líon díréireach Romach agus daoine den Lucht Siúil ar fud AE. Léiríonn teagmhais mharfacha d'fhoréigean póilíneachta le híospartaigh Romacha in 2022 gur gá dul i ngleic leis an gciníochas institiúideach i bhforfheidhmiú an dlí.*

## TUAIRIM 5.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit bearta práinneacha a dhéanamh chun rochtain ar thithíocht chuibhiúil atá inrochtana, inacmhainne, sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, sláintiúil agus dídheighilte a chur ar fáil do na Romaigh uile atá ina gcónaí i lonnaíochtaí leithscartha i ndálaí diandíothachta tithíochta.

Chun é sin a bhaint amach, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as cistí AE atá ar fáil, mar a fhoráiltear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1058 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, cuspóir sonrach (iii) cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta.

Léiríonn sonraí suirbhé FRA maidir leis na Romaigh a foilsíodh in 2022 go bhfuil cuid mhór de na Romaigh ina gcónaí i dtithíocht dho-ghlactha, leithscartha agus nach bhfuil na háiseanna is bunúsaí acu, go minic gan rochtain fiú ar uisce buacaire glan.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, sa rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le staid na Romach a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí ar fud AE, iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go práinneach ar staid na Romach a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí ar bhealach cuimsitheach agus éifeachtach, agus beartais iomchuí ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha á dtacú le cistiú leordhóthanach AE agus náisiúnta. Tugann Parlaimint na hEorpa chun suntais sa rún sin freisin go mbíonn tionchar ag dálaí turraingeacha den sórt sin, chomh maith le tionchar diúltach síceolaíoch agus socheolaíoch an leithscartha, ní hamháin ar dhaoine atá ina gcónaí laistigh de na lonnaíochtaí, ach go bhfuil tionchar acu freisin ar an bpobal i gcoitinne.

## TUAIRIM 5.2 ó FRA

Moltar do na Ballstáit ardáin a bhunú agus acmhainneacht a fhorbairt i measc shochaí shibhialta na Romach, lena n-áirítear mná, leanaí agus daoine óga. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chleachtais a bhfuil gealladh fúthu i dtíortha eile AE agus leas iomlán a bhaint as cistí AE chun ardáin a bhunú le haghaidh comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus in athbhreithniú na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta.

Sa mholadh ó Chomhairle AE 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021/C 93/01), leagtar béim ar an ngá atá ann do na Ballstáit dlús a chur le rannpháirtíocht fhiúntach na Romach agus dul i gcomhairle leo. Aithníodh i bhFaireachán Sibhialta na Romach in 2022 go bhfuil feabhas tagtha ar dhéine agus ar cháilíocht rannpháirtíocht na Romach agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha in ullmhú na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh agus na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcomparáid leis an am a d'imigh thart. Mar sin féin, tá rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta in easnamh go hiomlán i roinnt Ballstát, agus níl ach líon beag Ballstát tosaithe ar ardáin inbhuanaithe na Romach a bhfuil ionadaíocht leathan á déanamh acu agus ar fhothú acmhainneachta i measc shochaí shibhialta na Romach chun an rannpháirtíocht iomlán a áirithiú ar gach leibhéal.

Sa mholadh ó Chomhairle AE 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021/C 93/01), iarrtar ar Bhallstáit de AE faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta. I bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh an Chiníochais, iarrtar ar na Ballstáit, agus lánurraim á tabhairt ar a gcomhthéacsanna náisiúnta, bogadh i dtreo sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a bhailiú agus a úsáid, chun taithí shuibiachtúil ar an idirdhealú agus ar an íospairt agus gnéithe sistéamacha den chiníochas agus den idirdhealú araon a ghabháil.

Mar sin féin, tá na sonraí comhionannais atá ar fáil codánach agus níl siad comhchuibhithe ar fud tíortha, foinsí sonraí agus bailitheoirí sonraí. Is féidir é sin a fheiceáil freisin in easpa sonraí faoi na Romaigh atá ag teitheadh ó chogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine. In 2022, chuir roinnt Ballstát dlús le bailiúcháin nua sonraí a fhorbairt nó le feabhas a chur ar na sonraí a bhailítear trí na daonáirimh náisiúnta chun saintréithe comhionannais a chur san áireamh.

Thug roinnt Ballstát sainordú do chomhlachtaí nua nó do chomhlachtaí um chearta an duine atá ann cheana sonraí a bhailiú agus teagmhais fhrithghiofógach a dhoiciméadú. Mar sin féin, níor chomhlíon gach iarracht bailithe sonraí prionsabail chearta an duine de chuid Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le bailiú sonraí agus maidir leis na moltaí ó Ghrúpa Ardleibhéil AE um Neamh-idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht a leagtar amach i Nóta Treorach AE maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.



Cumhdaítear an ceart chun oideachais le hAirteagal 14 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha. Ceann de cheithre chuspóir earnála chreat straitéiseach AE maidir leis na Romaigh is ea nach mór rochtain chomhionann ar an oideachas a bheith ag leanaí ó gach cúlra ciníoch nó eitneach. Tá sé sin ag teacht freisin leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch.

Sa Straitéis Eorpach um Chúram, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit comhdheiseanna a chur ar fáil do leanaí Romacha. B'amhlaidh a rinne an Chomhairle freisin ina moladh lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

Tá an bhearna oideachais idir leanaí Romacha agus leanaí ón bpobal i gcoitinne fós suntasach, agus léiríonn Suirbhé 2021 FRA ar na Romaigh rátaí arda luathfhágála tar éis na meánscoile íochtaraí. Tá méadú tagtha ar an idirdheighilt san oideachas ó 2016 i leith fiú.

## TUAIRIM 5.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE leanúint de gach iarracht a dhéanamh faireachán éifeachtúil a áirithiú trí shonraí comhionannais a bhailiú agus a úsáid go rialta. Ba cheart go ndéanfadh iarrachtaí den sórt sin faireachán ar úsáid cistí, chomh maith le bearta agus cláir chun spriocanna 2030 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a bhaint amach.

Moltar do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann a mbailiú sonraí, lena n-áirítear daonáirimh náisiúnta, an cur chuige i leith sonraí atá bunaithe ar chearta an duine. Ba cheart dóibh aird chuí a thabhairt ar threoir AE maidir le sonraí comhionannais a bhailiú agus a úsáid bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.

Ba cheart do na Ballstáit comhar idir an tsochaí shibhialta, an saol acadúil, comhlachtaí comhionannais agus oifigí staidrimh a spreagadh agus a chothú go gníomhach chun tuairisciú agus faireachán rialta ar an idirdhealú, ar an bhfrithghiofógachas agus ar an bhfuathchoireacht a éascú.

## TUAIRIM 5.4 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE deireadh a chur le hidirdheighilt na Romach san oideachas agus fianaise ina leith a bhailiú chun an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch a chur chun feidhme go hiomlán.

Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chistí náisiúnta agus do chistí AE agus úsáid a bhaint astu chun oideachas ardcháilíochta agus tuilleadh deiseanna oiliúna a chur ar fáil do leanaí Romacha, agus ba cheart dóibh ról a thabhairt don tsochaí shibhialta Romach i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán ar a mbeart náisiúnta.

## TUAIRIM 5.5 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE a n-iarrachtaí a neartú chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta i measc na Romach. Chuige sin, beidh gá le bearta spriocdhírithe lena gcomhcheanglófar fostaíocht shochrach agus leithdháileadh aistrithe sóisialta chun sprioc 2030 a bhaint amach chun bearna na bochtaineachta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a dhúnadh, mar a cheanglaítear le creat straitéiseach AE maidir leis na Romaigh.

Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt go sonrach ar leanaí Romacha ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta go dtí 2030 le haghaidh na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh torthaí agus moltaí na staidéar sonrach tíre a d'fhorbair Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe agus an Coimisiún Eorpach a chur san áireamh.

Ba cheart do na Ballstáit, i ndlúthchomhar le heagraíochtaí agus pobail na sochaí sibhialta Romacha, bearta éifeachtacha a shainaithint, a phleanáil agus a chur chun feidhme chun mná Romacha a mhealladh chuig an margadh saothair d'fhonn a neamhspleáchas eacnamaíoch a fheabhsú agus iad a chosaint ar an mbochtaineacht.

Ceann de thrí chuspóir chothrománacha de chreat straitéiseach AE maidir leis na Romaigh is ea an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú agus an bhearna shocheacnamaíoch a dhúnadh. Is é an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí tionscnamh suaitheanta AE lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh san Eoraip atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar na cearta is bunúsaí, amhail cúram sláinte agus oideachas. Sainaithnítear ann go bhfuil leanaí Romacha faoi mhíbhuntáiste go sonrach agus iarrtar ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas.

I rún ó Pharlaimint na hEorpa i mí Iúil 2022, iarrtar go gcuirfí deireadh le bochtaineacht na mban, agus ainmnítear mná Romacha mar ghrúpa anleochaileach. Is é príomhsprioc AE i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Ní mór é sin a áirithiú do gach duine trí phá maireachtála agus trí shochair ioncaim íosta leordhóthanacha dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu.

In 2021, tá ceathrar as gach cúigear (80 %) Romach, lena n-áirítear a leanaí, fós ina gcónaí i dteaghlaigh atá i mbaol na bochtaineachta agus i ngéardhíth ábharach (48 %), mar a léirítear sna sonraí is déanaí de chuid FRA ó 10 mBallstát de AE. Den chuid is mó, ní thugann straitéisí náisiúnta ná pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis na Romaigh aghaidh ar an mbochtaineacht ná ar an gcosaint shóisialta, mar a bhain Monatóir Sibhialta na Romach 2022 de thátal.



# 6

# TEARMANN, VÍOSAÍ, IMIRCE, TEORAINNEACHA AGUS LÁNPHÁIRTIÚ



***Mar thoradh ar thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cláraíodh beagnach 4 mhilliún duine easáitithe ar fud AE, mar a thuairiscítear i gcaibidil fócais na tuarascála seo. Ag an am céanna, mar thoradh ar an méadú ar shoghluaisteacht dhomhanda tar éis phaindéim COVID-19, tháinig méadú ar líon na dtrasnuithe teorann neamhrialta isteach in AE.***

***Tuairiscíodh sáruithe tromchúiseacha leanúnacha ar chearta ag pointí éagsúla feadh theorainn sheachtrach AE. Mar aon leis an easpa imscrúduithe prasa agus éifeachtacha, cruthaíonn siad dúshláin thromchúiseacha do smacht reachta. Chuaigh sáruithe ar chearta bunúsacha ag teorainneacha in olcas agus leantar gan pionós a ghearradh ina leith mar gheall ar ghníomhaíocht neamhdhleathach toisc nach dtugtar aghaidh ar sháruithe.***

***Tá méadú ag teacht ar an mbrú atá ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó údaráis stáit agus ó ghníomhaithe eile a chosnaíonn cearta na n-imirceach agus na ndídeanaithe ag teorainneacha. Tá rialacha AE maidir le beartais tearmainn a athchóiriú fós ar feitheamh le comhreachtóir AE. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an sásra chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha Schengen, agus aird níos mó á tabhairt ar chearta bunúsacha. Tá roinnt cosaintí maidir le cearta bunúsacha sna hionstraimí dlí lena mbunaítear córais teicneolaíochta faisnéise i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais; is é an príomhdhúshlán atá ann anois iad a chur i bhfeidhm go praiticiúil.***

Maidir le dídeanaithe seachas iad siúd atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, leanann na bealaí dlíthiúla chun an tsábháilteacht a bhaint amach in AE de bheith teoranta i gcónaí. I gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar easáitiú éigeantach domhanda, déanann cuid acu iarracht áit shábháilte a bhaint amach trí theacht ar bhealach neamhrialta. Nuair a thrasnaíonn siad teorainneacha seachtracha AE go neamhdhleathach, nó nuair a dhéanann siad iarracht iad a thrasnú, déantar sáruithe ar chearta i roinnt Ballstát de chuid AE.

Is sáruithe tromchúiseacha agus forleathana a tharlaíonn arís is arís eile iad na sáruithe sin ar chearta bunúsacha. Baineann go leor tuarascálacha le hiompar oifigeach a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna tromchúiseacha faoin dlí náisiúnta. Mar sin féin, is beag cás a thógann na córais cheartais náisiúnta. D'fhéadfadh an tsaoirse ó phionós a bheith mar thoradh air sin.

Dlúthchuid d'ollstruchtúr chearta bunúsacha na hEorpa is ea an tsochaí shibhialta agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le cearta daoine a chosaint. Tá méadú ag teacht ar an gcoinbhleacht idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chosnaíonn cearta na n-imirceach agus na ndídeanaithe ar thaobh amháin de agus údaráis stáit agus gníomhaithe neamhstáit ar an taobh eile de..

## TUAIRIM 6.1 ó FRA

I dtuarascálacha bliantúla ar staid Schengen de chuid Chomhairle Schengen agus de chuid an Choimisiúin, ba cheart mír amháin ar an gclár oibre a dhíriú ar staid na gceart bunúsach ag teorainneacha.

Ba cheart do Bhallstáit de AE sásraí náisiúnta a bhunú nó a neartú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ag a dteorainneacha, ag cur le saineolas FRA.

## TUAIRIM 6.2 ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach leanúint de na hiarrachtaí chun comhlíonadh na gceart bunúsach a phríomhshruthú trí mheastóireachtaí Schengen. Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar chláir náisiúnta Bhallstáit de AE, ba cheart don Choimisiún Eorpach na coimircí uile maidir le cearta bunúsacha atá leabaithe in ionstraimí dlí AE lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí faoin gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha a chur ar bun.

Tá cosaintí tábhachtacha maidir le cearta bunúsacha i ndlí tánaisteach AE i réimsí an tearmainn, na dteorainneacha agus na hinimirce. In 2022, díríodh níos mó ar na gníomhaíochtaí sin a oibríochtú. Léirítear an méid sin san athbhreithniú ar shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen. Is amhlaidh a dhéanann na nósanna imeachta chun cistí AE a fháil chomh maith. Níl dóthain eolais ag cleachtóirí fós maidir leis na coimircí sin, níl siad ag gníomhú ina leith na ná níl siad á bpríomhshruthú acu.

## TUAIRIM 6.3 ó FRA

Ba cheart do AE machnamh a dhéanamh ar shásra a bhunú chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar a chórais mhórscála TF. D'áiritheofaí le sásra den sórt sin athbhreithniú leanúnach, neamhspleách agus saineolach ar thionchar chórais mhórscála TF AE i réimsí na saoirse, na slándála agus an cheartais ar chearta bunúsacha agus ar dhínit na ndaoine. D'fhéadfadh taithí an Athbhreithnitheora Neamhspleách ar Reachtaíocht Sceimhlitheoireachta sa Ríocht Aontaithe a bheith ina spreagadh le haghaidh sásra láidir agus inbhuanaithe atá neamhspleách ar an gCoimisiún Eorpach agus ar ghníomhaireachtaí AE a bhfuil baint acu le bainistiú nó tacú le hoibriú na gcóras TF sin.

Leanadh den obair ar chórais mhórscála teicneolaíochta faisnéise (TF) ar leibhéal AE, chun bainistiú teorainneacha a éascú, chun tacú le nósanna imeachta tearmainn agus chun rioscaí slándála inmheánaí a mhaolú. Déanfar sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha, a bhaineann le beagnach gach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht in AE nó atá ag taisteal chuig AE a phróiseáil trí shé cinn de chórais mhórscála TF de chuid AE.

Tá sé i gceist leis an iliomad coimircí atá leabaithe i ndlí AE na rioscaí a bhaineann le sáruithe ar chearta bunúsacha a mhaolú, ar choinníoll go gcuirtear chun feidhme go leordhóthanach iad. Mar sin féin, tá córais TF AE ag teacht i bhfeidhm ach anois beag, agus táimid fós ag fáil amach conas a oibríonn roinnt gnéithe le chéile. Dá bhrí sin, ní fios i bpáirt an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chearta bunúsacha.



# 7

# AN tSOCHAÍ FAISNÉISE, AN PRÍOBHÁIDEACHAS AGUS COSAINT SONRAÍ

***Bhí ceisteanna fós á n-ardú arís is arís le linn 2022 ó thaobh úsáid na hintleachta saorga, an mhodhnóireacht ábhair ar líne, an choinneáil sonraí, teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta, agus an rochtain ar fhianaise leictreonach nó a n-úsáid mar chuid d'imscrúduithe coiriúla. Conas is féidir linn an leas is fearr is féidir a bhaint as na sonraí go léir atá ar fáil agus cosaint sonraí agus coimircí eile maidir le cearta bunúsacha á gcomhlíonadh ag an am céanna?***

***Cuireadh dlús leis an bplé ar na coimircí iomchuí le haghaidh an iliomad úsáidí a bhaintear as an intleacht shaorga ar leibhéal AE. Tugadh aird ní ba mhó ar chearta bunúsacha.***

***Phléigh na hinstitiúidí idirnáisiúnta agus na rialtais náisiúnta araon a mhéid a fhéadfaidh póilíní agus údaráis bhreithiúnacha rochtain a fháil ar shonraí pearsanta. Treisíodh tionscnaimh lena n-údaraítear úsáid teicneolaíochtaí faireachais nua-aimseartha agus rochtain ar shonraí chun críocha slándála. Ag an am céanna, bhain sé sin le hábhair imní na gcúirteanna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na n-údarás poiblí.***



Rinneadh dul chun cinn leanúnach ar na caibidlíochtaí maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga (AIA) in 2022. Cuireadh líon ard leasuithe molta síos i bParlaimint na hEorpa, agus ghlac an Chomhairle a cur chuige coiteann i mí na Nollag. Tá sé léirithe ag an dá chomhreachtóir go bhfuil claonadh ann coimircí níos láidre maidir le cearta bunúsacha a thabhairt isteach sa téacs atá beartaithe. Mar sin féin, d'fhéadfaí coimircí maidir le cearta bunúsacha a neartú tuilleadh, mar shampla sa nós imeachta um measúnú comhréireachta (Airteagal 43 agus Iarscríbhinn VII atá beartaithe).

Tá plé fós ar siúl maidir leis an sainmhíniú ar an intleacht shaorga, agus tá claonadh ann raon feidhme na hintleachta saorga a theorannú go suntasach. D'fhágfadh sé sin go mbeadh roinnt feidhmeanna agus úsáidí na hintleachta saorga ann a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar chearta bunúsacha lasmuigh de chreat an dlí atá beartaithe.

I gcomhthráth leis na hiarrachtaí reachtacha sin ar an leibhéal AE, tá bearta sonracha déanta ag roinnt Ballstát in 2022 chun a áirithiú go n-úsáidfear an intleacht shaorga ar an leibhéal náisiúnta atá sábháilte agus a chomhlíonann cearta bunúsacha, amhail maoirseoir intleachta saorga tiomnaithe a thabhairt isteach nó measúnú tionchair ar chearta bunúsacha le haghaidh na hintleachta saorga.

### TUAIRIM 7.1 ó FRA

Ba cheart do chomhreachtóirí AE a áirithiú go ndéanfar tagairt iomchuí do choimircí um chearta bunúsacha sa togra le haghaidh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ba cheart go seachnófaí leis an sainmhíniú cineálach ar an intleacht shaorga a raon feidhme a chúngú, toisc go bhféadfadh sé sin raon feidhme cosanta an Ghnímh a chúngú go míchuí. Ba cheart dlíthe atá ann cheana, amhail dlíthe cosanta sonraí agus neamh-idirdhealaithe, a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le cearta bunúsacha a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga, ós rud é go bhfuil feidhm ag na dlíthe sin ar líne agus as líne araon.

## TUAIRIM 7.2 ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach a áirithiú ina threoir cur chun feidhme go ndéanfadh soláthraithe seirbhísí ar líne na hoibleagáidí a leagtar síos in DSA a léirmhíniú agus a chur chun feidhme ar bhealach a chomhlíonann cearta bunúsacha, mar shampla i ndáil leis an riosca go ndéanfaí ró-aistriú agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Glacadh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), ar chéim chinniúnach, in 2022. Ba chéim thábhachtach í sin i dtreo timpeallacht níos sábháilte ar líne ina dtugtar cosaint níos fearr do chearta bunúsacha na n-úsáideoirí. Ag an am céanna, tá imní curtha in iúl ag roinnt eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta (ESSanna) faoin deis a chuirtear ar fáil leis do sholáthraithe seirbhísí ar líne é a chur chun feidhme ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do chearta bunúsacha, don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh den chuid is mó, trí ábhar a chur i leataobh chun smachtbhannaí diúltacha a sheachaint.

Tá roinnt forálacha in DSA a bhfuil sé d'aidhm acu cosaint na gceart bunúsach a mhéadú. Éilíonn sé go ndéanfaidh ardáin an-mhór ar líne measúnú rialta ar rioscaí maidir le cearta bunúsacha agus go ndéanfaidh siad bearta maolaitheacha. Foráiltear leis freisin do rochtain níos fearr ar shonraí a shealbhaíonn nó a ghineann ardáin ar líne. Leis sin, beidh comhlachtaí maoirseachta agus taighdeoirí neamhspleácha a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu in ann measúnú a dhéanamh ar na rioscaí do chearta bunúsacha.



## TUAIRIM 7.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE a gcuid reachtaíochta a thabhairt i gcomhréir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú nach bhfuil sonraí á gcoinneáil ag soláthraithe teileachumarsáide ar bhealach ginearálta ná neamh-idirdhealaitheach. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireofaí sa dlí náisiúnta dianseiceálacha comhréireachta, chomh maith le coimircí nós imeachta iomchuí chun cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun na cosanta sonraí pearsanta a ráthú go héifeachtach.

In 2022, d'oibrigh rialtais náisiúnta ar thionscnaimh dhlí arb é ab aidhm dóibh an rochtain atá ag údaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí a threisiú chun gníomhaíochtaí coiriúla a bhrath agus a imscrúdú. Cuireadh an Treoir maidir le sonraí a choimeád ar neamhní in 2014, agus ó shin i leith tá neamhdhleathacht na coinneála sonraí ginearálta agus neamh-idirdhealaitheacha athdhearbhaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i roinnt breithiúnas. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát de AE fós ag moladh athchóirithe ar a reachtaíocht chun gur féidir sonraí a choinneáil i gcomhréir le rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. D'eascair gearáin ó roinnt ESSanna agus ó údaráis phoiblí i roinnt Ballstát as forálacha dréachtdlíthe nó dlíthe arna nglacadh nach gcomhlíonfadh ceanglais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.



In 2022, bhí na rialtais agus na húdaráis forfheidhmithe dlí fós ag iarraidh teicneolaíochtaí a úsáid chun críocha faireachais agus rochtain a fháil ar shonraí lenar féidir gníomhaíocht choiriúil agus bagairtí slándála a shainaithint. Cé go bhfuil siad éagsúil ó thaobh an chomhthéacs agus an chineáil de, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí den sórt sin difear tromchúiseach a dhéanamh do chearta bunúsacha daoine aonair.

Ar thaobh amháin, léirigh an méid a tháinig chun solais mar chuid de Pegasus go bhféadfadh roinnt údarás poiblí agus rialtas úsáid a bhaint as earraí spiaireachta neamh-spriocdhírithe, a úsáidtear go forleathan. Ar an taobh eile, is ábhar imní do chomhlachtaí poiblí agus do ESSanna maidir le dlíthiúlacht, riachtanas agus comhréireacht na dteicneolaíochtaí sin é an spéis sheasta atá ag rialtais agus ag údaráis forfheidhmithe dlí maidir le teicneolaíochtaí faireachais atá ag brath ar bhailiú forleathan sonraí pearsanta íogaire (amhail an aghaidh-aithint) a leathnú agus a dhlisteanú. I roinnt Ballstát, tá aird tarraingthe ag ESSanna, ag údaráis phoiblí agus ag cúirteanna ar na rioscaí maidir le cearta bunúsacha a bhaineann le hardteicneolaíochtaí faireachais, go háirithe úsáid ceamaraí faireachais i spásanna poiblí.

## TUAIRIM 7.4 ó FRA

Ba cheart d'institiúidí agus do Bhallstáit de AE a áirithiú go n-urramófaí cearta bunúsacha in aon tionscnamh dlíthiúil nua a bheadh beartaithe chun slándáil daoine aonair a chothú trí theicneolaíochtaí faireachais. Go háirithe, le dlíthe arna nglacadh chun úsáid a bhaint as sonraí bithmhéadracha nó teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta, ba cheart a áirithiú go gcuirfear coimircí iomchuí chun feidhme chun na cearta chun cosanta sonraí agus chun príobháideachais a chosaint.

Ba cheart na bearta cosanta sin a fhorordú de réir an dlí, agus ba cheart iad a bheith riachtanach agus comhréireach. Ba cheart go n-áiritheodh sásraí maoirseachta neamhspleácha go ndéantar grinnscrúdú rialta ar na bearta sin. Ba cheart do dhaoine aonair a bheith in ann gearán a dhéanamh faoi bhearta den sórt sin nuair nach gcomhlíonann siad cearta bunúsacha, agus ba cheart rochtain a bheith acu ar leigheasanna éifeachtacha.

# 8

# CEARTA AN LINBH

***Lean líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta de bheith ag méadú in 2022. Chuir costais arda fuinnimh agus boilsciú méadaithe ualaí breise ar na teaghlaigh a bhfuil leanaí acu atá ag streachailt freastal ar a riachtanais bhunúsacha. Tá Ballstáit de AE ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanaí agus ar theaghlaigh atá ag streachailt, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.***

***Chomh maith le teacht na leanaí atá ag teitheadh ón Úcráin, lean líon na leanaí eile neamh-AE a bhí ag lorg tearmainn de bheith ag meadú. Mar thoradh air sin, bhí deacrachtaí ag roinnt Ballstát dálaí glactha bunúsacha a chur ar fáil, agus lean cuid acu de leanaí a choinneáil i gcomhthéacs na himirce. D'eisigh an Coimisiún Eorpach roinnt tograí reachtacha maidir le cearta íospartach. Dá bhrí sin, tá go leor céimeanna reachtacha glactha ag na Ballstáit chun leanaí a mbíonn baint acu le córais cheartais a chosaint mar íospartaigh, mar fhinnéithe nó nuair a bhíonn siad i gcoinbhleacht leis an dlí.***



## TUAIRIM 8.1 ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach treoir agus tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit de AE a bpleananna náisiúnta maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme. Ba cheart go n-áireofaí leis sin cistiú ó AE, amhail CSE+, cúnamh teicniúil agus comhroinnt an dea-chleachtais. Ba cheart grinnscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta tríd an Seimeastar Eorpach agus ba cheart torthaí ábhartha faireacháin a chur san áireamh sna moltaí tír-shonracha.

Ba cheart do Bhallstáit de AE leanúint de na tionscnaimh leanúnacha, agus iad a mhéadú, nuair is gá, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime fuinnimh agus ar bhoilsciú ard ar theaghlaigh bhochta, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine níos leochailí, amhail iad siúd i dteaghlaigh aontuismitheora, Romach agus imirceach. Dá n-éireodh leo, d'fhéadfaí bearta sealadacha a phríomhshruthú i mbeartais shóisialta, lena n-áirítear agus pleananna náisiúnta na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí á gcur chun feidhme.

Tá beagnach duine as gach ceathrar leanaí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta in AE (24.4 %). Bhí treocht anuas ann roimhe seo, agus 22.2 % de leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2019, ach chuir paindéim COVID-19 isteach air sin. Tá na rátaí arda dianseasmhacha bochtaineachta leanaí ábhartha d'oibleagáidí Bhallstáit de AE cearta agus folláine leanaí a áirithiú (Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach) agus cuspóirí beartais shóisialta AE (Airteagal 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh).

Cuireadh tús le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí in 2022. Cheap na Ballstáit uile comhordaitheoirí náisiúnta, agus d'fhorbair 18 mBallstát pleananna gníomhaíochta náisiúnta. Tá leibhéil éagsúla údaráis ag na comhordaitheoirí náisiúnta laistigh de riaracháin náisiúnta. Ina theannta sin, tá cineál agus inneachar na bpleananna gníomhaíochta éagsúil óna chéile, ach tá ar a laghad 5 % dá gcistiú ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) leithdháilte ag go leor Ballstát chun gníomhaíochtaí faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme.

Mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2022, fuair ocht mBallstát moltaí tírshonracha a bhaineann le hoideachas agus le cúram na luath-óige.

Mhéadaigh an ghéarchéim fuinnimh agus na rátaí arda boilscithe in 2022 líon na leanaí atá ina gcónaí i dteaghlaigh bhochta. Tá bearta beartais shóisialta déanta ag roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar an gcás, amhail sochair leanaí a mhéadú, íocaíochtaí aonuaire a chur ar fáil nó cabhrú le billí téimh.

Lean leanaí imirceacha agus leanaí a bhí ag lorg tearmainn de bheith ag teacht isteach san Eoraip, go minic i gcúinsí dainséaracha. Tháinig méadú suntasach ar líon na leanaí a rinne iarratas ar thearmann in 2022, agus tháinig 222,100 díobh, 39,520 díobh siúd neamhthionlactha. Tá imirceach linbh i dteideal cosaint a fháil faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, faoin Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoi reachtaíocht eile AE, cuir i gcás an Treoir maidir le Dálaí Glactha.

Bhí deacrachtaí ag roinnt Ballstát dálaí glactha leordhóthanacha a chur ar fáil, lena n-áirítear cóiríocht, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha. Chuir roinnt tíortha leanaí faoi choinneáil in éineacht le leanaí neamhthionlactha eile nó lena dteaghlaigh, go príomha i gcomhthéacs fillte nó chun críocha aitheantais agus measúnaithe aoise. Chuir comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta in iúl gur cúis mhór imní dóibh na drochdhálaí glactha in AE. Mhéadaigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit.

In 2022, tháinig 18 mBallstát ar chomhaontú maidir le sásra dlúthpháirtíochta deonach chun tacú le hathlonnú iarrthóirí tearmainn sa Mheánmhuir agus feadh bhealach an Atlantaigh Thiar. Idir tús na n-athlonnuithe in 2020 agus mí na Nollag 2022, rinneadh 5 040 duine, lena n-áirítear 1 021 leanbh lena dteaghlaigh agus 1 313 leanbh neamhthionlactha, a athlonnú ón nGréig.

Tá forbairt tagtha le blianta beaga anuas ar chaomhnóireacht leanaí neamhthionlactha, coimirce lárnach sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha (Airteagal 24) agus sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (Airteagal 25), trí fhorbairtí reachtacha náisiúnta, de réir taighde FRA. Tá roinnt dúshlán fós ann, áfach: is minic a bhíonn sainordú an chaomhnóra teoranta d'ionadaíocht dhlíthiúil, is féidir go dtógfadh ceapachán caomhnóra ní ba mhó ná mí, d'fhéadfaí líon mór leanaí a shannadh do chaomhnóirí agus níl dóthain oiliúna ann do chaomhnóirí nuacheaptha.



## TUAIRIM 8.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE dóthain acmhainní AE agus náisiúnta a thiomnú chun a áirithiú go gcosnófar iarrthóirí tearmainn agus leanaí imirceacha, cibé acu a bhfuil siad in éineacht lena dteaghlaigh nó neamhthionlactha. Trí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh, ba cheart a áirithiú go n-urramaíonn na dálaí glactha na caighdeáin íosta a leagtar amach sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, go háirithe maidir le cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil, agus an choinneáil a sheachaint trí roghanna malartacha uirthi a chur chun feidhme. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú chun caomhnóirí oilte agus acmhainní a cheapadh go pras do gach leanbh neamhthionlactha a thagann isteach in AE agus a áirithiú go bhfreastalaíonn siad ar scoil.

## TUAIRIM 8.3 ó FRA

Ba cheart do chomhreachtóirí AE a áirithiú go ndéanfar na cearta agus na ráthaíochtaí nós imeachta atá ann cheana do leanaí ar íospartaigh na coireachta iad a chumhdaítear cheana leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach, leis an Treoir maidir le Gáinneáil ar Dhaoine agus leis an Treoir maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí a neartú trí thograí an Choimisiúin Eorpaigh agus ina dhiaidh sin.

Ba cheart do Bhallstáit de AE a n-iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí ar thriail chóir leis na ráthaíochtaí go léir dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta. Áirítear leis sin oiliúint ildisciplíneach éigeantach a chur ar fáil do gach gairmí dlí agus sóisialta lena mbaineann.

Tá roinnt tionscnamh reachtach tugtha isteach ag an gCoimisiún Eorpach a mbeidh tionchar mór acu ar chearta leanaí a mbíonn baint acu le córais cheartais mar íospartaigh nó mar fhinnéithe coireachta: rialacha nua chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, Treoir nua maidir le foréigean teaghlaigh agus Treoir athbhreithnithe maidir le Gáinneáil ar Dhaoine. Ghlac roinnt Ballstát de AE reachtaíocht nua i réimse na n-íospartach ar leanaí iad, ag díriú ar fhreagairt do chionta gnéasacha, lena n-áirítear ar líne; ar choimircí nós imeachta a fheabhsú; agus ar dhátaí teorann a bhaint.

Foráiltear le hAirteagal 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh coimircí tábhachtacha do thoimhde na neamhchiontachta agus don cheart chun cosanta. Ceanglaítear le hAirteagal 24 go dtabharfar tús áite do leas an linbh.

Bunaítear leis an Treoir maidir le Cosaintí Nós Imeachta roinnt cosaintí do leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí. Léiríonn taighde a rinne FRA ar a chur chun feidhme praiticiúil roinnt dúshlán, amhail easpa faisnéise atá oiriúnach do leanaí, laigí i gcur chun feidhme measúnuithe aonair, sceitheadh faisnéise príobháidí do na meáin, agus tuairiscí ar dhrochíde na bpóilíní nó ar an iompar foréigneach. Léiríonn an taighde freisin go bhfuil an oiliúint ar fáil go pointe áirithe, ach ar bhonn deonach amháin.



# 9

# ROCHTAIN AR AN gCEARTAS: CEARTA ÍOSPARTACH AGUS NEAMHSPLEÁCHAS BREITHIÚNACH

***In 2022, rinneadh feabhas éigin i réimse chearta na n-íospartach, go háirithe maidir le cosaint íospartach a mbíonn riachtanais shonracha acu. Tharla forbairtí suntasacha reachtacha agus beartais i réimse na mban mar íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, ar an leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta araon i roinnt Ballstát de AE. Áiríodh leis sin togra AE a fhoilsiú le haghaidh treoir nua maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.***

***Ba chúis mhór imní fós é an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna i mBallstáit áirithe de AE. Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a céad bhreithiúnas maidir leis an sásra ginearálta coinníollachta. Is córas ginearálta coinníollachta é an sásra sin lena gcosnaítear buiséad AE i gcás ina ndéanann na Ballstáit sárú ar phrionsabail an smachta reachta a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad AE. Dheimhnigh an breithiúnas go raibh an sásra i gcomhréir le dlí príomha AE.***




Foráiltear in Airteagal 22 den Treoir maidir le Cearta Íospartach in AE agus sna haithrisí gaolmhara do cheart íospartaigh chun measúnú aonair ar riachtanais a fháil. Dá réir sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit measúnú aonair a dhéanamh ar riachtanais shonracha chosanta na n-íospartach agus a chinneadh an mbainfeadh siad tairbhe as bearta speisialta le linn imeachtaí coiriúla agus a mhéid a bhainfeadh siad tairbhe astu.

In 2022, ghlac roinnt Ballstát bearta praiticiúla chun sainaithint íospartach a bhfuil riachtanais speisialta acu a éascú. Áiríodh leis na bearta sin treoir maidir leis an gcaoi a gcaitear le grúpaí éagsúla d'íospartaigh leochaileacha agus feachtas faisnéise a bhí dírithe ar ghrúpaí sonracha íospartach.

Tá dúshláin ann go fóill, áfach. Sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún Eorpach ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, sainaithníodh roinnt easnamh maidir le riachtanais aonair na n-íospartach a chosaint. Bhí tionchar ag na heasnaimh sin ar cháilíocht na cóireála a chuirtear ar íospartaigh i ndiaidh coire agus le linn imeachtaí coiriúla. Le meastóireacht an Choimisiúin, nasctar na heasnaimh sin leis an easpa eolais ar riachtanais shonracha i measc gairmithe, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin nach dtugtar dóthain airde ar íospartaigh. Léiríodh sa mheastóireacht an easpa treoirlínte sonracha maidir le measúnuithe aonair a dhéanamh, easpa feasachta i measc cleachtóirí maidir le tábhacht na measúnuithe agus an easpa oiliúna do chleachtóirí.

## TUAIRIM 9.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh measúnú aonair chun riachtanais shonracha chosanta a shainaithint. Ba cheart go gcinnfí leis an measúnú sin na riachtanais atá acu maidir le bearta cosanta speisialta le linn imeachtaí coiriúla, mar gheall ar a leochaileacht ar leith. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit treoirlínte agus oiliúint shonrach a chur ar fáil do ghairmithe chun bonn a chur faoi cheart an íospartaigh measúnú aonair a dhéanamh.



## TUAIRIM 9.2 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit uile a bhfuil Coinbhinsiún Iostanbúl daingnithe acu an foréigean gnéasach a choiriúlú trí úsáid a bhaint as sainmhínithe bunaithe ar thoiliú ar éigniú agus ar chineálacha eile foréigin ghnéasaigh a choiriúlú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go ndéanfar aon ghníomh gnéasach d'aon ghnó a dhéantar gan toiliú an íospartaigh a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a phionósú go héifeachtach.

Faoi dheireadh 2022, shínigh Ballstáit uile de AE Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), cé go bhfuil sé cinn acu fós lena dhaingniú. Faoi Airteagal 36 den choinbhinsiún, ceanglaítear ar Stáit is Páirtithe aon ghníomh de chineál gnéasach a dhéantar gan toiliú duine de na daoine lena mbaineann a choiriúlú. Ceanglaítear freisin le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, mar a léirmhíníonn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, coiriúlú gníomhartha gnéasacha bunaithe ar shainmhínithe den sórt sin atá bunaithe ar thoiliú. Tá sé sin ag teacht le tuiscintí comhaimseartha ar an bhforéigean gnéasach, nach mbíonn ag brath ar fhórsa ná ar ghnéithe den chineál céanna.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le glacadh sainmhínithe bunaithe ar thoiliú ar an bhforéigean gnéasach i mBallstáit de AE. In 2022, glacadh reachtaíocht agus tograí reachtacha nua ina leith sin i roinnt Ballstát.

## TUAIRIM 9.3 ó FRA

Moltar do AE agus dá Bhallstát a gcuid iarrachtaí agus comhair a neartú tuilleadh chun neamhspleáchas na breithiúnachta a chothabháil agus a threisiú mar chomhpháirt lárnach den smacht reachta agus den iontaoibh fhrithpháirteach. Sa chomhthéacs sin, moltar do na Ballstáit obair leantach a dhéanamh go pras ar mholtaí agus ar bhearta. Áirítear orthu sin na cinn a glacadh i gcomhthéacs shásra Eorpach an smachta reachta agus faoi shásra nua coinníollachta AE.

Is iad breithiúna neamhspleácha bunchloch an smachta reachta agus na rochtana ar an gceartas (Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Airteagal 67 (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

Bhí dúshláin fós ann i réimse an cheartais i roinnt Ballstát de AE, mar shampla maidir leis an dearcadh ar neamhspleáchas breithiúnach i mBallstáit de AE, mar a léirítear i Scórchlár Ceartais AE 2022.

D'eisigh an Coimisiún Eorpach a thríú tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta in 2022. Bhí córais cheartais agus neamhspleáchas na gcóras sin ar cheann amháin de na ceithre réimse fócais a cumhdaíodh sa tuarascáil. Cé gur díol sásaimh iad na hathchóirithe tábhachtacha chun neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, tagraítear sa tuarascáil d'ábhair imní struchtúracha atá fós ann i roinnt Ballstát maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna.

Glacadh an chéad chinneadh cur chun feidhme riamh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta sa bhliain freisin. Forchuirtear leis an gcinneadh sin bearta chun an buiséad a chosaint i gcoinne iarmhairtí sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Baineann sé freisin leis an soláthar poiblí, le héifeachtacht na gníomhaíochta ionchúisimh agus leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe san Ungáir.



# 10

# FORBAIRTÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOINBHINSIÚIN AR CHEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

*Rinne reachtóir AE beart chun pá íosta cothrom a chur ar fáil, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne Parlaimint na hEorpa roinnt tograí nua chun cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) ag AE a éascú, lena n-áirítear i ndlí toghcháin AE, roimh thoghcháin Eorpacha 2024. Mar sin féin, is ábhar imní fós é cistí AE a úsáid le haghaidh institiúidithe.*

*Ar an leibhéal náisiúnta, tá bearnaí suntasacha fós ann idir leibhéal rannpháirtíochta daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair agus leibhéal rannpháirtíochta daoine eile i margadh an tsaothair agus sa chóras oideachais. Tá dul chun cinn teoranta déanta ag Ballstáit de AE maidir le cúnamh ábhartha a chur ar fáil agus maidir le deireadh a chur le cineálacha cur chuige leithscartha.*

*Tá dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme threoracha inrochtaineachta AE agus cláir inrochtaineachta náisiúnta. Ach tá na Ballstáit tar éis spriocdhátaí trasuímh a chailleadh agus tá an dul chun cinn fós míchothrom. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Stáit fáilte a chur roimh dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas. D'iarr an Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (Coiste CRPD) freagraí ar réimse leathan ceisteanna ar AE i liosta a chuir sé chuig an gCoimisiún Eorpach.*

*Tá an obair ar bun ag creat faireacháin náisiúnta na Sualainne, mar sin tá an creat a cheanglaítear le hAirteagal 33 (2) de CRPD ag na Ballstáit uile agus ag AE anois.*



Ceanglaítear le hAirteagal 27 de CRPD gur cheart go mbeadh daoine faoi mhíchumas in ann maireachtáil trí obair a roghnaítear nó a nglactar léi gan srian i margadh saothair agus i dtimpeallacht oibre atá oscailte, cuimsitheach agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Shoiléirigh Coiste CRPD an oibleagáid sin i mBarúil Ghinearálta Uimh. 8 (2022), lena n-áirítear trína thabhairt faoi deara nach bhfuil fostaíocht dhídeanach inghlactha, cé is moite d'eisceacht theoranta amháin, mar bheart chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn faoi CRPD.

Léiríonn staitisticí ar an leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta go bhfuil an bhearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas fós ann, agus go bhfuil sí anois ag 23.1 pointe céatadáin. Ina theannta sin, in ainneoin na n-athchóirithe atá dírithe ar rannpháirtíocht sa mhargadh oscailte saothair a fheabhsú, cuirtear idirdheighilt fostaíochta chun cinn go fóill agus ní thugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaoine faoi mhíchumas chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar mhargadh an tsaothair. Is amhlaidh atá sé go háirithe i gcás na mban agus daoine scothaosta. Cuideoidh an Treoir maidir le Pá Íosta le cás daoine faoi mhíchumas a fheabhsú ach ní athróidh sí cleachtais fostaíochta náisiúnta inti féin.

## TUAIRIM 10.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas trí bhearta cuimsitheacha spriocdhírithe i ngach earnáil den gheilleagar chun cuimsiú iomlán fostaíochta a bhaint amach. Ba cheart don Choimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach nua maidir le Pá Íosta, lena n-áirítear sa mhéid a bhaineann sí le daoine faoi mhíchumas. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas de réir na treorach ó Choiste CRPD.

Ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le fostaíocht dhídeanach i gcomhréir le CRPD. Ba cheart dóibh bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun daoine aonair atá ag obair ann a lánpháirtiú i margadh an tsaothair atá oscailte. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar dheiseanna oibre a chur chun cinn do mhná agus do dhaoine scothaosta faoi mhíchumas.

## TUAIRIM 10.2 ó FRA

Chun an t-aistriú ón oideachas go dtí margadh an tsaothair a éascú, ba cheart do Bhallstáit de AE cúnamh leordhóthanach a chur ar fáil do scoláirí faoi mhíchumas ar gach leibhéal oideachais. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh gach timpeallacht foghlama sa bhunoideachas, sa mheánoideachas agus san oideachas treasach cuimsitheach agus inrochtana go hiomlán.

In Airteagal 24 de CRPD aithnítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun an oideachais agus éilítear go bhfíorófar an ceart sin gan idirdhealú agus ar bhonn comhdheiseanna. Ceanglaítear ar Stáit is Páirtithe córas oideachais cuimsitheach ar gach leibhéal agus foghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú.

Mar sin féin, tá ualaí suntasacha fós ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar chórais oideachais. Is lú an seans go gcríochnóidh siad a n-oideachas meánscoile agus go bhfaighidh siad dioplómaí a bheidh úsáideach chun páirt iomlán a ghlacadh sa mhargadh fostaíochta, agus is lú an seans go gcláróidh siad san ardoideachas nó go gcríochnóidh siad an t-ardoideachas. Tá dúshláin ann freisin san aistriú idir an t-oideachas agus margadh an tsaothair.

Níl foirgnimh ná gnéithe eile den timpeallacht foghlama inrochtana go leor do dhaoine faoi mhíchumas. Leanann na Ballstáit d'úsáid a bhaint as timpeallachtaí foghlama leithscartha seachas infheistíocht a dhéanamh i gcóras oideachais rialta iomlán cuimsitheach.



## TUAIRIM 10.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit de AE an reachtaíocht AE atá ann cheana i réimse an mhíchumais a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. I réimsí amhail an t-iompar poiblí agus an bonneagar, ba cheart dóibh a n-oibleagáidí faoi Airteagal 9 de CRPD a chur chun feidhme go hiomlán. D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach tograí a mheas maidir leis na treoracha inrochtaineachta a leathnú chuig réimsí eile.



Ceanglaítear le hAirteagal 9 de CRPD go mbeidh rochtain iomlán ag daoine faoi mhíchumas ar an tsochaí, lena n-áirítear an timpeallacht fhisiciúil, iompar, faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus cumarsáide, agus saoráidí agus seirbhísí eile atá oscailte nó curtha ar fáil don phobal, i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe araon. Tá treoracha ábhartha glactha ag AE sa réimse sin, amhail an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus rinneadh dul chun cinn maidir lena n-ionchorprú sa dlí náisiúnta agus maidir lena gcur chun feidhme. Mar sin féin, chaill líon suntasach Ballstát an spriocdháta chun an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a ionchorprú sa dlí náisiúnta, agus ní mór dul chun cinn a dhéanamh fós sna blianta amach romhainn chun cur chun feidhme iomlán a áirithiú.

Fuarthas amach i meastóireacht ón gCoimisiún Eorpach freisin go raibh dúshláin shuntasacha fós ann maidir leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a ionchorprú sa dlí náisiúnta. Tá siad sin le feiceáil i dtuarascálacha náisiúnta freisin. D'ainneoin roinnt dul chun cinn, tá dúshláin fós ann i réimsí eile inrochtaineachta freisin, amhail inrochtaineacht níos leithne ar bhonneagar agus ar réimse an iompair phoiblí. Tá reachtaíocht eisithe ag AE i réimsí áirithe.




Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna ar gcúl araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2022. Sa tuarascáil *Fundamental Rights Report 2023* [Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2023] de chuid FRA, féachtar siar ar na mórfhorbairtí in AE idir Eanáir agus Nollaig 2022 agus leagtar amach inti tuairimí FRA ina leith. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair imní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.




Dírítear i mbliana inti ar na himpleachtaí do chearta bunúsacha in AE de dheasca an chogaidh san Úcráin. Sna caibidlí eile, pléitear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; an comhionannas agus an neamh-idirdhealú; an ciníochas, an tseineafóibe agus an éadulaingt lena mbaineann; lánpháirtiú na Romach; an tearmann agus an imirce; an tsochaí faisnéise, an príobháideachas agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE —

Chun teacht ar an leagan iomlán den tuarascáil *Fundamental Rights Report 2023* [Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2023] de chuid FRA – féach https://fra.europa.eu/ga/publication/2023/fundamental-rights-report-2023

Féach foilseacháin ghaolmhara FRA chomh maith:

— FRA (2023), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2021 – Tuairimí ó FRA,* Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/ga/publication/2023/fundamental-rights-report-2023-fra-opinions (ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúil AE)

— FRA (2023), *Fundamental rights implications for the EU of the war in Ukraine* (Impleachtaí do chearta bunúsacha in AE de dheasca an chogaidh san Úcráin), Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/ga/publication/2023/frr-2023-focus-war-in-ukraine (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

Tá tuarascálacha bliantúla ar na dúshláin agus ar an méid atá bainte amach i ndáil le cearta bunúsacha in AE le fáil ar shuíomh gréasáin FRA (ar fáil i mBéarla agus sa Fhraincis).

TUILLEADH FAISNÉISE


**FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – an Ostair
T +43 158030-0 – F +43 158030-699
**fra.europa.eu**

facebook.com/fundamentalrights
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
twitter.com/EURightsAgency



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh